

Cruinniú 28: Oifigí Forbartha Áitiúla Lú, Margadh an Fhéir, Droichead Átha

Dé hAoine, an 28 Meitheamh, 2024

Fuarthas cur i láthair ó fhoireann an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) de chuid Fhorbairt Áitiúil Lú inar leagadh amach an infheistíocht shuntasach bhreise i nDroichead Átha agus an tiomantas breise dó mar thoradh ar Phlean Cur chun Feidhme Thuarascáil Dhroichead Átha.

Tá ionadaíocht mheabhairshláinte FSS faighte do na foghrúpaí um Póilíneacht & Drugaí agus Tacaíocht Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachas. D'fhreastail na hionadaithe ábhartha ar chruinnithe na bhfoghrúpaí seo i mí an Mheithimh.

Dheimhnigh FSS go leanfar le maoiniú a dhéanamh ar na poist Oibríthe Sóisialta agus Oibríthe Tionscadail i dtionscadal Red Door go deireadh 2026.

Níor líonadh post i dtaca le hImeagló a Bhaineann le Drugaí agus Rannpháirtíocht i bhForéigean (DRIVE). Rinne FFS, Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oirthuaiscirt agus Merchants Quay Ireland athphróifiliú ar an mbuiséad chun costais tuarastail a mhéadú. Tá an post á fhógairt arís agus is é an 10 Iúil an spriocdháta a ghabhann leis.

Chuir Coiste Seirbhísí Leanaí & Óige (CSLÓ) Lú maoiniú ar fáil chun gur féidir leanúint le comhairleoireacht ghearrthéarmach do pháistí i mbunscoileanna ar an taobh theas de Dhroichead Átha, rud a mhaoinigh Bord Cur chun Feidhme Dhroichead Átha roimhe seo. Aithnítear go bhfuil gá leis an soláthar sin a chur ar fáil in oideachas príomhshrutha.

D'éirigh le Louth ABC maoiniú a fháil chun Cláir Home Visiting agus Parent Child+ a mhéadú i nDroichead Átha. Tugadh faoi deara nach bhfuil dóthain acmhainní sa réimse seo i dtaca le soláthar luath-idirghabhála.

Chuir Spórt Éireann maoiniú de €200 míle ina aghaidh na bliana ar fáil le haghaidh tréimhse trí bliana chun costais foirne a chur ar fáil do thogra Driving Change through Sport de chuid Chomhpháirtíochtaí Spóirt Lú agus na Mí do Dhroichead Átha agus Oirthear na Mí. Tá na sonraí i dtaca le fad an tionscadail (ar togra cúig bliana é) agus le costais an chláir / riaracháin le deimhniú.

Tá maoiniú breise á chur ar fáil d'Fhorbairt Áitiúil Lú chun tacú le hoibreacha athchóirithe ar Theach Pobail Ráth Maoláin.

Rinneadh athbhreithniú ar iarratais ar thacaíocht i dtaca le hiarratais ar an gCiste Bonneagair Mórscála Spóirt agus tacaíodh leo.

Tugadh eolas nua i dtaca le hathbhreithniú a rinne grúpa oibre Planet Youth, grúpa a bhunaigh foghrúpaí um Póilíneacht & Drugaí agus Tacaíocht Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachas. Moladh gur chóir é a chur san áireamh i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) Lú.

Tá iarócaid 'Moneymore - This is Our Place' le reáchtáil i gClub Dornálaíochta Dhroichead Átha Dé Máirt an 2 Iúil i gcomhar le heagraíochtaí pobail atá ag obair sa cheantar. Is é aidhm an bhirt seo tacú le baill den phobal riachtanais an cheantair a aithint chomh maith le gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais sin.



Thug na comhaltaí faoi deara go raibh próiseas léirithe suime ar oscailt do ról Chathaoirleach na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Pobail i Lú agus sa Mhí agus gurb é Dé luain an 15 Iúil an spriocdháta a ghabhann leis.

Cuireadh fáilte chroíúil roimh cheapachán Gráinne Berrill, Comhordaitheoir Bhord Faisnéise Dhroichead Átha, sa ról Stiúrtóra Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, i ndiaidh próiseas earcaíochta, rud a dhéanfar go luath.